Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0241

An Buanghrúpa Saineolaithe um Fhoraoisí agus um an bhForaoiseacht

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle lena mbunaítear Buanchoiste Foraoiseachta (COM(2023)0727 – C9-0424/2023 – 2023/0410(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0175/2025).

Leasú 1

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Ní dhéantar aon tagairt do chomhbheartas foraoise an Aontais sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, is iad na Ballstáit atá freagrach as foraoisí. Mar sin féin, tugtar inniúlachtaí comhroinnte don Aontas le CFAE, go háirithe i réimse an chomhshaoil, ar féidir tionscnaimh a dhéanann difear d'fhoraoisí agus don fhoraoiseacht a bheith san áireamh iontu.

Leasú 2

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Tá gá le struchtúr rialachais foraoise an Aontais atá ***níos cuimsithí agus níos*** comhordaithe lena léirítear ***gach cuspóir*** atá ***sa Teachtaireacht*** ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 dar teideal 'Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030'[5] agus a n-idirnaisc ***chun go mbeadh*** rannchuidiú ***níos leithne*** foraoisí leis na cuspóirí a leagtar amach ***sa Teachtaireacht*** ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'An Comhaontú Glas don Eoraip'[4],	(2) ***Mar gheall ar*** rannchuidiú foraoisí leis na cuspóirí a leagtar amach ***i dTeachtaireacht*** ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal ***The European Green Deal [***An Comhaontú Glas don Eoraip***]***[4], ***go háirithe*** cuspóirí maidir leis an aeráid, leis an mbithéagsúlacht agus leis an mbithgheilleagar, tá gá le struchtúr rialachais foraoise an Aontais atá comhordaithe lena léirítear***, inter alia, na cuspóirí*** atá ***i dTeachtaireacht*** ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 dar

lena n-áirítear cuspóirí maidir leis an aeráid, leis an mbithéagsúlacht agus leis an mbithgheilleagar ***inbhuanaithe***.

teideal ***New EU Forest Strategy for 2030 [***Straitéis Foraoiseachta Nua an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030***]***[5] agus a n-idirnaisc***, agus á áirithiú ag an am céanna go bhfuil bunús dlí soiléir ag na spriocanna nua sin, nach bhfuil siad ag teacht salach ar inniúlachtaí náisiúnta agus go bhfuil siad bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar a dtionchar ar earnáil na foraoiseachta***.

---

[4] COM(2019)***640 final***.

[5] COM(2021)***527 final***.

---

[4] COM(2019)***0640***.

[5] COM(2021)***0527***.

Leasú 3

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Ó bunaíodh é, tá an Buanchoiste Foraoiseachta tagtha chun bheith ina chomhlacht lárnach le haghaidh malartú faisnéise i measc na mBallstát agus leis an gCoimisiún maidir leis na gnéithe uile a bhaineann le foraoisí, bainistiú foraoisí agus gach réimse beartais a bhaineann le foraoisí. Tugadh cúraimí coisteolaíochta don Bhuanchoiste Foraoiseachta roimhe seo freisin, ach tá an bunghníomh lena dtugtar na cúraimí coisteolaíochta sin don Bhuanchoiste Foraoiseachta imithe in éag ó shin. Dá bhrí sin, ba cheart an Buanchoiste Foraoiseachta a athainmniú mar an Buanghrúpa Saineolaithe um

Fhoraoisí agus um an bhForaoiseacht (an 'grúpa saineolaithe').

Leasú 4

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) ***Raon feidhme an Bhuanchoiste Foraoiseachta a leathnú agus cúraimí agus comhdhéanamh an Bhuanchoiste Foraoiseachta a shoiléiriú, agus an Buanchoiste a athainmniú chun na leasuithe sin a léiriú, sin é an bealach is éifeachtaí chun struchtúr rialachais foraoise an Aontais níos cuimsithí agus níos comhordaithe a bhaint amach. Ba cheart an Buanchoiste Foraoiseachta a athainmniú freisin mar an Sainghrúpa um Fhoraoiseacht agus Foraoiseacht, chun na leasuithe sin a léiriú.*** Ba cheart don ***Bhuanghrúpa*** Saineolaithe ***um Fhoraoisí agus um an bhForaoiseacht*** aghaidh a thabhairt ***ar aon saincheist nó*** ar aon ghné maidir le foraoisí agus an fhoraoiseacht a eascraíonn as beartais éagsúla de chuid an Aontais***, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó ag Ballstát***. Is iomchuí, dá bhrí sin, ***a áirithiú*** go ***n-ainmneoidh na Ballstáit*** ionadaithe ***ó na húdaráis atá inniúil ar*** na ***cuspóirí*** beartais ***sonracha***.	(4) ***Arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát,*** ba cheart don ***ghrúpa*** saineolaithe aghaidh a thabhairt ar aon ghné maidir le foraoisí agus ***leis*** an ***bhforaoiseacht*** a eascraíonn as beartais éagsúla de chuid an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, go ***mbeidh*** ionadaithe ***rannpháirteacha in ann leasanna na mBallstát i dtaobh*** na ***gcuspóirí*** beartais ***ábhartha uile a chur in iúl***.

Leasú 5

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun ***comhar feabhsaithe agus malartú ildisciplíneach*** idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le foraoisí agus ***maidir leis an bhforaoiseacht*** a áirithiú i ndáil le ***limistéir bheartais*** uile an Aontais atá ábhartha d'fhoraoisí, bunaítear leis seo Buanghrúpa Saineolaithe um Fhoraoisí agus um an bhForaoiseacht, ***dá ngairtear 'an*** grúpa saineolaithe' anseo feasta.***';***	Chun ***dlúthchomhar éifeachtach*** idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le foraoisí agus ***le hearnáil na foraoiseachta*** a áirithiú i ndáil le ***réimsí*** beartais uile an Aontais atá ábhartha d'fhoraoisí, bunaítear leis seo Buanghrúpa Saineolaithe um Fhoraoisí agus um an bhForaoiseacht ***(***an ***'***grúpa saineolaithe'***)***.

Leasú 6

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis*** an ***ngrúpa*** saineolaithe maidir le haon saincheist nó ***gné*** a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht a eascraíonn as beartais éagsúla an Aontais ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag ionadaí Ballstáit.	1. ***Tabharfaidh*** an ***grúpa*** saineolaithe ***comhairle don Choimisiún*** maidir le haon saincheist nó ***aon ghné*** a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht a eascraíonn as beartais ***ábhartha*** éagsúla an Aontais***,*** ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin d'ionadaí Ballstáit.

Leasú 7

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 2 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cúnamh a thabhairt don Choimisiún tograí reachtacha, treoirlínte nó tionscnaimh bheartais eile de chuid an Aontais atá ábhartha d'fhoraoisí agus don fhoraoiseacht, ***lena n-áirítear cúnamh maidir le cur i bhfeidhm Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 agus Straitéisí Foraoisí de chuid an Aontais ina dhiaidh sin***;	(a) cúnamh a thabhairt don Choimisiún***, oibriú i ndlúthchomhar leis agus saineolas agus ionchur a sholáthar dó i dtaca le*** tograí reachtacha, ***straitéisí, teachtaireachtaí,*** treoirlínte nó tionscnaimh bheartais eile de chuid an Aontais atá ábhartha d'fhoraoisí agus don fhoraoiseacht, ***nó a mbeadh tionchar suntasach acu ar fhoraoisí nó ar an bhforaoiseacht laistigh den Aontas, a ullmhú agus a chur chun feidhme***;

Leasú 8

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 2 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) comhairle agus saineolas a sholáthar don Choimisiún, ar thionscnamh an Choimisiúin nó arna iarraidh sin ***ag Ballstát***, d'fhonn ***tacú le*** rannchuidiú ***níos leithne foraoisí agus na*** foraoiseachta le ***príomhchuspóirí*** agus tionscnaimh ***de chuid*** an Aontais, ***amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, agus chun*** comhleanúnachas agus sineirgí idir beartais an Aontais ***atá***	(b) comhairle agus saineolas a sholáthar don Choimisiún, ar thionscnamh an Choimisiúin nó ***an ghrúpa saineolaithe, nó*** arna iarraidh sin ***do Bhallstát***, d'fhonn rannchuidiú ***leordhóthanach earnáil*** foraoiseachta ***na mBallstát*** le ***cuspóirí*** agus tionscnaimh an Aontais ***a áirithiú***, comhleanúnachas agus sineirgí ***a chur chun cinn agus deireadh a chur le neamhréireachtaí atá***

ábhartha d'fhoraoisí agus don fhoraoiseacht a chur chun cinn;	***ann cheana*** idir beartais an Aontais***, agus aghaidh a thabhairt ar an tionchar carnach atá acu agus ar a gcomhoiriúnacht le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chumhdaítear in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach***;

Leasú 9

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 2 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) comhar a ***chur chun cinn*** idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le foraoisí agus ***foraoiseacht***, lena n-áirítear tacú le bearta agus idirghabhálacha faoin gcomhbheartas talmhaíochta;	(c) comhar a ***fheabhsú agus a threisiú*** idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le foraoisí agus ***leis an bhforaoiseacht***, lena n-áirítear ***chun*** tacú le bearta agus idirghabhálacha faoin gcomhbheartas talmhaíochta***, go háirithe chun gnéithe den inbhuanaitheacht a chur san áireamh agus sineirgí a chruthú idir foraoisí agus an talmhaíocht, chomh maith le feabhas a chur ar fhorbairt shocheacnamaíoch na limistéar tuaithe arb iad foraoisí an ghné is suntasaí iontu***;

Leasú 10

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 2 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) malartú eolais, taithí agus dea-chleachtas a chothú i réimse na bhforaoisí agus na foraoiseachta***.***	(d) malartú eolais, taithí agus dea-chleachtas a chothú***, chomh maith le gníomhú mar fhóram chun tuairimí a mhalartú ar shaincheisteanna agus tionscnaimh atá ag teacht chun cinn*** i réimse na bhforaoisí agus na foraoiseachta***, agus ar fheidhmeanna iomadúla foraoisí, lena n-áirítear saincheisteanna atá ábhartha d'earnáil na foraoiseachta i gcoitinne, chomh maith le malartú tuairimí a chothú ar infheidhmeacht agus ar impleachtaí bheartais an Aontais atá ábhartha d'fhoraoisí agus don fhoraoiseacht;***

Leasú 11

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 2 – mír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) féachaint le sineirgí a chothú agus comhoibriú i leith na sineirgí sin agus coinbhleachtaí a sheachaint idir beartais náisiúnta agus beartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht, agus forbairtí idirnáisiúnta eile á gcur san áireamh freisin;

Leasú 12

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 2 – mír 2 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(db) tuairimí a cheapadh ar thograí reachtacha, straitéisí, teachtaireachtaí, treoirlínte nó tionscnaimh bheartais eile de chuid an Aontais atá ábhartha d'fhoraoisí agus don fhoraoiseacht, nó a mbeadh tionchar suntasach acu ar fhoraoisí nó ar an bhforaoiseacht laistigh den Aontas; cuirfidh an Coimisiún na tuairimí sin san áireamh agus cuspóirí beartais a bhaineann le foraoisí á gcur chun cinn aige, agus tabharfaidh sé aiseolas ar an gcaoi ar chuir sé na tuairimí sin san áireamh.

Leasú 13

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 2 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh ar thogra ón gCoimisiún, cúraimí eile a shannadh don ghrúpa saineolaithe i ndáil le beartais de chuid an Aontais a bhfuil tionchar acu ar fhoraoisí agus ar an bhforaoiseacht.	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh ar thogra ón gCoimisiún, cúraimí ***sealadacha*** eile a shannadh don ghrúpa saineolaithe i ndáil le beartais de chuid an Aontais a bhfuil tionchar acu ar fhoraoisí agus ar an bhforaoiseacht.

Leasú 14

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh an grúpa saineolaithe comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit.	Beidh an grúpa saineolaithe comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit. ***Iarrfar ar gach Ballstát saineolaithe náisiúnta a ainmniú agus a rannpháirtíocht i gcruinnithe an ghrúpa saineolaithe a éascú agus molfar go láidir do na Ballstáit an méid sin a dhéanamh.***

Leasú 15

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ainmneoidh na Ballstáit a n-ionadaithe, ***rud a áiritheoidh*** rannpháirtíocht ***na*** n-údarás ***atá inniúil ar chuspóirí*** beartais ***éagsúla Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030, lena n-áirítear, inter alia, an aeráid, sláinte foraoise, an comhshaol, an fhoraoiseacht, forbairt tuaithe agus an bithgheilleagar agus aon straitéis foraoiseachta de chuid an Aontais ina dhiaidh sin***.	Ainmneoidh na Ballstáit a n-ionadaithe, ***lena n-áiritheofar*** rannpháirtíocht ***ghníomhach a*** n-údarás ***ábhartha agus go mbeidh ionadaithe rannpháirteacha in ann leasanna agus taithí a mBallstáit faoi seach i dtaobh na gcuspóirí*** beartais ***ábhartha uile a chur in iúl***.

Leasú 16

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ionadaí ón gCoimisiún a bheidh ina chathaoirleach ar an ngrúpa saineolaithe.	Ionadaí ón gCoimisiún a bheidh ina chathaoirleach ar an ngrúpa saineolaithe. ***Féadfaidh cathaoirleach an ghrúpa saineolaithe a phlean oibre bliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.***